C/2025/212

7.1.2025

Foilsiú teachtaireachta maidir le formheas ar leasú caighdeánach ar shonraíocht táirge le haghaidh ainm in earnáil an fhíona, dá dtagraítear in Airteagal 17(2) agus (3) de Rialachán Tarmligthe (AE) 2019/33 ón gCoimisiún

(C/2025/212)

Foilsítear an teachtaireacht seo i gcomhréir le hAirteagal 17(5) de Rialachán Tarmligthe (AE) 2019/33 ón gCoimisiún ([1]).

FORMHEAS AR LEASÚ CAIGHDEÁNACH A CHUR IN IÚL

'Pouilly-sur-Loire'

PDO-FR-A0825-AM03

Dáta na teachtaireachta: 8 Deireadh Fómhair 2024

TUAIRISC AR AN LEASÚ FORMHEASTA AGUS NA CÚISEANNA LEIS

1. **Aibiú**

Cuireadh téacs breise isteach á rá go ndéantar na fíonta a aibiú ar mhoirt mhíne go dtí an 1 Eanáir ar a laghad den bhliain tar éis bhliain na buainte.

Is é cuspóir na forála seo cáilíocht na bhfíonta a tháirgtear (dea-bholaithe agus blas dlúth sa bhéal) a ráthú agus a mhéadú. Fágann sé freisin gur féidir cobhsaíocht na bhfíonta a fheabhsú trína gcoinneáil ar an moirt ar feadh tamall níos faide. Is é an aidhm atá leis sin a sheachaint na fíonta a mhargú ró-luath, rud a d'fhéadfadh an bonn a bhaint de cháilíocht fhíonta an ATFC cháiliúil sin.

Mar thoradh ar an bhforáil seo freisin, ceadaítear cleachtais agus nósmhaireachtaí i bhfíonghoirt a chur ar bhonn foirmiúil.

Déanann sé sin difear freisin don dáta scaoilte lena dhíol leis an tomhaltóir agus rinneadh é a chur leis an nasc chuig an áit tionscnaimh: 'Feabhsaíonn aibiú na bhfíonta a gcastacht aramatach'.

Leasaíodh pointe 6.8 agus pointe 9 den doiciméad aonair.

2. **Rialacha maidir le treilísiú agus airde an duilliúir**

Tá na rialacha leasaithe maidir le treilísiú agus airde duilliúir curtha chun feidhme cheana féin ag táirgeoirí. Áirithíonn siad go ndéantar na fíonchaora a tháirgtear a chur faoi réir rialú sláinte agus cáilíochta.

Leasaíodh pointe 5 den doiciméad aonair.

3. **Táirgeacht**

Leasaíodh pointe 5 den doiciméad aonair ionas go gcomhfhreagraíonn sé don tsonraíocht táirge.

Sonraíodh an táirgeacht bhliantúil agus an uasteorainn táirgeachta.

DOICIMÉAD AONAIR

1. **Ainm (nó ainmneacha)**

'Pouilly-sur-Loire'

2. **Cineál an táisc gheografaigh**

ATFC – Ainmniúchán Tionscnaimh faoi Chosaint

([1]) IO L 9, 11.1.2019, lch. 2.

3. **Catagóirí na dtáirgí fíniúna**

1. Fíon

3.1. *Cód Ainmníochta Comhcheangailte*

— 22 - DEOCHANNA, BIOTÁILLÍ AGUS FÍNÉAGAR

2204 – Fíon ó fhíonchaora úra, lena n-áirítear fíonta treisithe; úrfhíon fíonchaor seachas é sin atá faoi cheannteideal 2009

4. **Tuairisc ar an bhfíon (nó ar na fíonta)**

TUAIRISC ACHOMAIR I SCRÍBHINN

Fíonta geala socra atá iontu agus na saintréithe seo a leanas ag baint leo: Neart alcóil nádúrtha íosta de réir toirte: 9,5 % – le haghaidh baisceanna atá réidh le cur ar an margadh i mbulc nó ag céim an phacáistithe: méid siúcra choipthigh (glúcós agus fruchtós) nach mó ná 4 g/l. Tar éis an tsaibhrithe, ní mór nach mó ná 12 % neart alcóil iomlán na bhfíonta de réir toirte. Maidir leis na méideanna d'aigéadacht iomlán, is iad siúd na méideanna a leagtar síos i reachtaíocht an Aontais.

Baisceanna atá réidh le cur ar an margadh i mbulc nó ag céim an phacáistithe, tá méid aigéid mhalaigh nach mó ná 14,5 milleachoibhéisí in aghaidh an lítir acu.

Baisceanna atá réidh le cur ar an margadh i mbulc nó ag céim an phacáistithe, tá cion SO_2 nach mó ná 150 mg in aghaidh an lítir iontu.

Is fíonta geala socra iad na fíonta a bhfuil dath idir buí éadrom agus dath an óir orthu. Tá siad spleodrach, láidir agus úr. Bíonn blasanna mianracha orthu agus bolaithe bláthanna bána agus torthaí triomaithe iontu, chomh maith le maothlachas éigin.

Saintréithe anailíseacha ginearálta

— Neart alcóil iomlán uasta (in % de réir toirte): —

— Neart alcóil iarbhír íosta (in % de réir toirte): —

— Aigéadacht iomlán íosta: —

— Aigéadacht luaineach uasta (i milleachoibhéisí in aghaidh an lítir): —

— Dé-ocsaíd sulfair iomlán uasta (i milleagraim in aghaidh an lítir): —

5. **Cleachtais fhíoneolaíocha**

5.1. *Cleachtais fhíoneolaíocha shonracha*

1.

Cleachtas fíoneolaíoch sonrach

Toirmisctear aon chóireáil teasa ar bhuain na bhfíonchaor ag teocht os cionn 40 °C má dheighltear na leachtanna ó na solaid díreach ina dhiaidh. Toirmisctear sliseanna adhmaid a úsáid. Tar éis an tsaibhrithe, ní mór nach mó ná 12 % neart alcóil iomlán na bhfíonta de réir toirte. Na cleachtais fíoneolaíochta a ghlactar le haghaidh na bhfíonta, ní mór dóibh na ceanglais a leagtar síos i reachtaíocht an Aontais agus leis an gCód Tuaithe agus Iascach a chomhlíonadh, mar aon leis na forálacha thuas.

2. Córais treoraithe

Modh fáis

a) Dlús plandaithe

Is é 6 000 planda in aghaidh an heicteáir dlús plandaithe íosta na bhfíniúnacha. Is é suas le 1,30 méadar an fad idir na rónna fíniúnacha, agus is é idir 0,80 méadar agus 1,20 méadar an spásáil idir plandaí sa ró céanna.

b) Rialacha prúnála

Prúnáiltear na fíniúnacha roimh an gcéim fheineolaíochta a chomhfhreagraíonn do 2 nó 3 dhuilleog oscailte nó céim 9 ar scála Eichhorn agus Lorenz, ag úsáid na teicnící a leanas: prúnáil Guyot singil ina mbíonn 10 mbachlóg inchomhairthe ar a mhéad in aghaidh an phlanda, nach mbíonn níos mó ná 8 gcinn acu ar an gcána, agus 1 nó 2 spor nach bhfuil ach 2 bhachlóg ar a mhéad ar gach ceann acu; nó prúnáil spoir (cordon de Royat) ina mbíonn 14 bhachlóg in aghaidh an phlanda ar a mhéad, fráma singil nó dúbailte agus 2 bhachlóg ar gach spor ar a mhéad. Tá an tréimhse chun an tródam a bhunú teoranta do 4 bliana. Le linn na tréimhse seo, ceadaítear prúnáil Guyot singil nó dúbailte agus 8 mbachlóg ar gach cána ar a mhéad. Ní fhéadfaidh níos mó ná 20 % de na plandaí atá ann in aghaidh na bliana a bheith i gceist le hathnuachan dáileachta fíonghoirt a phrúnáiltear de réir mhodh 'cordon de Royat'. – nó trí bhíthin prúnáil spoir (cuachphrúnáil nó feanphrúnáil) ina mbíonn 12 bhachlóg in aghaidh an phlanda ar a mhéad, a phrúnáiltear go 1 nó 2 bhachlóg ar gach spor ar a mhéad.

3. Rialacha maidir le treilísiú agus airde an duilliúir

Modh fáis

— Déantar an treilísiú roimh an gcéim fheineolaíoch a chomhfhreagraíonn do dhúnadh an triopaill, nó roimh chéim 32 ar scála Eichhorn agus Lorenz.

— Cuimsíonn sé ar a laghad 2 shreang um ardú agus sreang ualachiompartha le haghaidh fíniúnacha a phrúnáiltear ina Guyot singil nó ina cordon de Royat nó 2 shreang um ardú le haghaidh fíniúnacha a phrúnáiltear ina gcuach nó ina bhfean.

— Ardófar na sreanga um ardú thar leibhéal na dtriopall.

— Ní mór don duilliúr treilíse íosairde 0,6 de mhéid an fhaid idir na rónna a bhaint amach ar a laghad, agus an airde á tomhas ó phointe 0,10 m faoin tsreang threilísithe chuig airde an fhásra.

5.2. *Uastáirgeacht*

1. Uasteorainneacha táirgeachta

75 heictilítear in aghaidh an heicteáir

2. Táirgeacht

65 heictilítear in aghaidh an heicteáir

6. **Limistéar geografach críochaithe**

Buaintear na fíonchaora agus déantar, forbraítear agus aibítear na fíonta sna bardais a leanas i Roinn Nièvre: Garchy, Mesves-sur-Loire, Pouilly-sur-Loire, Saint-Andelain, Saint-Laurent-l'Abbaye, Saint-Martin-sur-Nohain, Tracy-sur-Loire (tarraingítear suas an liosta ar bhonn an Chóid Gheografaigh Oifigiúil le haghaidh 2020).

7. **Cineál fíonchaor**

Chasselas B

8. **Tuairisc ar an nasc (nó ar na naisc)**

a) Tuairisc ar na tosca nádúrtha a chuireann leis an nasc. Ag síneadh thart ar 20 ciliméadar feadh bhruach deas na Loire, roinneann an limistéar geografach teorann le hoirdheisceart Imchuach Pháras. Ag baint buaic amach ag 270 méadar, i.e. níos mó ná 100 méadar os cionn an ghleanna, tugann sé tírdhreach a bhfuil an-chodarsnacht ag baint leis agus loig dhoimhne chomhthreomhara a ritheann soir ó thuaidh/siar ó dheas agus a osclaíonn ar an nGleann Loire íochtarach.

Tá na fíonghoirt suite i seacht mbardas timpeall bharr cnoic Saint-Andelain, atá ar an mullach is airde den limistéar geografach.

Luíonn siad ar éagsúlacht foirmíochta geolaíche, agus léiríonn na dáileachtaí críochaithe a roghnaítear chun na fíonchaora a bhuain an éagsúlacht seo. Tugtar tosaíocht go háirithe do: – Marla Cimiritseach, nó 'ithreacha bána', ar sainghné de chuid lárnach an limistéir gheografaigh é, sna bardais Pouilly-sur-Loire agus Saint-Andelain: is iad seo na hithreacha fíonsaothraithe is mó ionadaíochta acu. – Aolchloch na céime Ocsfordaí, a tháirg ithreacha a bhfuil méid ard cloiche iontu, ar a dtugtar 'caillottes' orthu: tá an chuid is mó acu in oirthuaisceart an limistéir gheografaigh. – Na hithreacha lán le breochlocha, a bhíonn créúil a bheag nó a mhór ('silex') a cruthaíodh le linn chéim an-chreimneach na Tréimhse Cailcí, a fhaightear i gcríoch bhardas Saint-Andelain go príomha. – Na hithreacha siliciúla, créúil a bheag nó a mhór a fhaightear ar an taobh thiar den limistéar geografach go príomha, i mbardas Tracy-sur-Loire.

Tá aeráid leathmhuirí ag an limistéar geografach. Titeann 600 mm frasaíocht ar an meán ann in aghaidh na bliana, agus bíonn príomhról ag an Loire mar rialaitheoir teochta trí bhíthin an aer fuair a thaoscadh ó na gleannta ingearacha.

b) Tuairisc ar na tosca daonna a chuireann leis an nasc. Is féidir a theacht ar fhíonsaothrú siar go dtí an cúigiú céad agus eiseadh eastáit Gallóis-Rómhánaigh darbh ainm 'Pauliacum'. In 680, d'fhág an tEaspag Vigilius a eastát Pouilly agus a fhíniúnacha ag Mainistir Notre-Dame-d'Auxerre. Trasnaíonn an bóthar Rómhánach, a théann siar go dtí an t-am sin, an limistéar geografach, a sholáthraítear fianaise ar stair fhada an limistéir maidir le gníomhaíocht tráchtála.

An tráth sin, bhí fíorfhás ag na fíonghoirt a bhuí leis na comhthionóil mhanachúla, na manaigh Bheinidicteacha de chuid Charité-sur-Loire go háirithe. Ar cheann de na fánaí atá suite os cionn an Loire, ceapach thart ar 4 heicteár atá ann a thugtar 'Loge aux Moines' uirthi, léiríonn sí an tréimhse forbartha seo.

Ón séú céad déag amach, d'éascaigh an Loire agus a cuid bád dáileadh na bhfíonta, agus tar éis oscailt Chanáil Briare in 1642, a nascadh an Loire agus an tSéin, bhí cuid mhór den trádáil seo dírithe ar Pháras. Ansin, thosaigh fíonta 'Pouilly' a theacht isteach i Sasana, a bhí trádáilte ag Foires de Rouen. Bunaíodh comhlachais saothróirí fíniúna Naomh Uinseann ('confréries vigneronnes') ag deireadh an seachtú céad déag.

I rith an ochtú céad déag, seoladh fíon 'Pouilly' go Montargis, Fontainebleau, Páras agus Versailles. Cuireadh cineálacha fíonchaor éagsúla sna fíonghoirt, a chumhdaigh 2 000 heicteár: Melon B, Meslier Saint-François B, Sauvignon B agus Chasselas B.

Chonacthas sa dara leath den naoú céad déag athrú suntasach ó tháirgeadh fíona chuig táirgeadh fíonchaora boird (Chasselas B), arna seoladh d'iarnród go dtí margadh Pháras ar beag soláthar a bhíothas a dhéanamh air, go dtí gur tharla an ghéarchéim fiollocsaeire in 1890.

In 1923, thug breithiúnas aitheantas ar úsáid an ainm 'Pouilly-sur-Loire' le haghaidh fíonta a dhéantar ó chineál Chasselas B. D'eagraigh na táirgeoirí iad féin ina dhiaidh sin, ag bunú shiléar comhoibritheach Pouilly in 1948, agus Confrérie des 'Baillis' ina dhiaidh, a raibh sé d'aidhm acu aird a tharraingt ar fhíonta 'Pouilly'. Ó shin i leith, cuirtear cuid mhór den táirge ar an margadh sa bhaile agus onnmhairítear chuig níos mó ná 90 tír é.

In 2009, b'ionann an táirgeadh agus thart ar 1 000 heictilítear as 30 heicteár ar an iomlán d'fhíonghoirt á oibriú ag gnóthaí teaghlaigh go príomha. Is fíonta geala socra iad na fíonta a bhfuil dath idir buí éadrom agus dath an óir orthu.

Tá siad spleodrach, láidir agus úr. Bíonn blasanna mianracha orthu agus bolaithe bláthanna bána agus torthaí triomaithe iontu, chomh maith le maothlachas éigin. Tugann meascán den aeráid leathmhuirí, suíomh a bhíonn cosanta ó ghaotha aniar agus atá gar don Loire, a fheidhmíonn mar rialaitheoir teochta, dálaí aeráide den scoth don limistéar geografach seo chun cineál Sauvignon B a shaothrú.

Áirithítear na teochtaí séimhe a thagann as sin le linn thimthriall fáis na fíniúna go n-aibíonn na fíonchaora go cothrom, agus leis an tsealaíocht idir laethanta teo agus oícheanta fuara i rith thréimhse aibithe na bhfíonchaor, forbraítear dea-bholaithe na bhfíonta agus caomhnaítear a n-úire.

Caomhnaítear sa réigiún seo, ar a ndearnadh athruithe doimhne i gcaitheamh na gcéadta, a dtraidisiúin fíonsaothrúcháin i gcónaí. Sna limistéir a bhfuil acmhainn cháilíochta ard acu, áiteanna inarbh fhearr fíniúnacha ná bairr eile, fantar tiomanta don fhíonshaothrú.

Léirítear na nósanna sin sa limistéar dáileachta críochaithe, nach n-áirítear ann ach dáileachtaí a bhfuil ithreacha éadoimhne iontu, ar fhána ghéar go minic. Sna dálaí sin, is gá plandaí agus a n-acmhainneacht táirgthe a bhainistiú go han-mhaith trí bhíthin dlús plandaithe ard, treorú fíniúna agus prúnáil mhionchúiseach. Léiríonn na teicnící sin saineolas sinseartha pobail dhaonna atá tiomanta dá thraidisiúin fíonsaothraithe agus dá thírdhreach, mar a léirítear leis na comhlachais saothróirí fíniúna a bunaíodh sa seachtú céad déag agus atá fós ann.

Léirítear an saineolas sin freisin i gcumas an déantóra fíona, saineolas a tiomsaíodh leis na glúnta, chun úrnuacht agus saibhreas an chomhshaoil nádúrtha a tharraingt amach: Fíonta 'Pouilly-sur-Loire' atá lán le fíneáltacht. Cuireann aibiú na bhfíonta feabhas ar an gcastacht aramatach atá acu.

Na fíonta geala 'Pouilly-sur-Loire', fíonta ar a thrácht manaigh Charité-sur-Loire sa 12ú céad agus Guy COQUILLE, comhalta an Tríú hEastát sa 16ú céad, a thug faoi deara go raibh fíonta an réigiúin ar bhoird na maithe agus na móruaisle den Ríocht, lean na fíonta sin den dea-cháil a bhí orthu a fheabhsú. Is léiriú den scoth ar an méid sin an trádáil idirnáisiúnta a bhaineann leo.

9. **Coinníollacha fíor-riachtanacha breise (pacáistiú, lipéadú, ceanglais eile)**

Creat dlíthiúil:

Reachtaíocht náisiúnta

Cineál an choinníll breise:

Maolú maidir le táirgeadh sa limistéar geografach críochaithe

Tuairisc ar an gcoinníoll:

Sa limistéar atá díreach in aice láimhe, arna shainiú le maolú maidir le fíonta a dhéanamh, a fhorbairt agus a aibiú, cuimsítear críoch na mbardas seo a leanas, ar bhonn Chód Geografach Oifigiúil 2020:

— Roinn Cher: Bannay, Bué, Crézancy-en-Sancerre, Jalognes, Menetou-Râtel, Ménétreol-sous-Sancerre, Montigny, Neuvy-Deux-Clochers, Saint-Satur, Sainte-Gemme-en-Sancerrois, Sancerre, Sury-en-Vaux, Thauvenay, Veaugues, Verdigny agus Vinon.

— Roinn Loiret: Beaulieu-sur-Loire, Bonny-sur-Loire, Briare, Gien, Ousson-sur-Loire, Saint-Brisson-sur-Loire agus Thou.

— Roinn Nièvre: Alligny-Cosne, Bulcy, Cosne-Cours-sur-Loire, La Celle-sur-Loire, Myennes, Neuvy-sur-Loire, Pougny, Saint-Loup agus Saint-Père.

Creat dlíthiúil:

Reachtaíocht náisiúnta

Cineál an choinníll breise:

Forálacha breise a bhaineann le lipéadú

Tuairisc ar an gcoinníoll:

An fhaisnéis roghnach uile, déantar í a phriontáil ar na lipéid i litreacha nach féidir a bheith níos mó, ar airde, ar leithead ná ar thiús, ná dhá oiread mhéid na litreacha lena gcruthaítear ainm an tsonrúcháin tionscnaimh chláraithe.

Méid na litreacha d'ainm geografach forlíontach 'Val de Loire', ní fhéadfaidh siad a bheith níos mó, ar airde ná ar leithead, ná dhá thrian de mhéid na litreacha lena gcruthaítear ainm an ainmniúcháin tionscnaimh chláraithe.

I gcás fíonta lena ngabhann an t-ainmniúchán tionscnaimh cláraithe, féadfar ainm aonaid gheografaigh níos lú a shonrú ar a lipéad, ar choinníoll gurb amhlaidh an méid seo a leanas: – ainm áite is ea é atá liostaithe i gclárlann na talún; – bíonn an t-ainm le feiceáil ar an dearbhú buainte.

Nasc chuig an tsonraíocht táirge

https://info.agriculture.gouv.fr/gedei/site/bo-agri/document_administratif-e65a8b82-3e6b-4bf6-83d6-b3f3fadeff2d